Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15969/25**

**SAN 777**
**PHARM 178**
**MI 961**
**CADREFIN 337**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 709 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an gClár EU4Health 2021-2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 709 final.

Faoi iamh: COM(2025) 709 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2025
COM(2025) 709 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an gClár EU4Health 2021-2024**

{SEC(2025) 304 final} - {SWD(2025) 369 final}

GA GA

## 1. Réamhrá

Is réamhchoinníoll í an tsláinte maidir le feidhmiú ár sochaí agus ár ngeilleagair. Tá cur chun cinn fholláine phobail an Aontais Eorpaigh i measc a chuid aidhmeanna[1]. Ba cheart ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine a áirithiú i dtarraingt suas agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais Eorpaigh[2].

Foráiltear le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) nach mór don Aontas beartais sláinte náisiúnta a chomhlánú agus tacú leo, comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus comhordú idir a gcuid clár a chur chun cinn. Ní mór don Aontas é sin a bhaint amach agus urraim á tabhairt an tráth céanna do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartais sláinte féin a tharraingt suas agus maidir le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú, a bhainistiú agus a chur ar fáil.

Ó bhí 2020 ann, agus leas á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, tá an Coimisiún Eorpach ag tógáil an Aontais Sláinte Eorpaigh, ina ndéanann Ballstáit uile an Aontais an méid seo a leanas: ullmhú agus freagairt le chéile ar ghéarchéimeanna sláinte; soláthairtí leighis a chur ar fáil, agus iad a dhéanamh inacmhainne agus nuálach; agus a bheith ag obair le chéile chun feabhas a chur ar chosc, cóireáil agus iarchúram na ngalar ar nós na hailse. Is é an Clár EU4Health príomhchlár cistiúcháin an Aontais chun an tAontas Sláinte Eorpach a chur ar fáil.

## 2. An Clár EU4Health

Bunaíodh an Clár EU4Health le Rialachán (AE) 2021/522[3] ('Rialachán EU4Health') chun sláinte an duine a fheabhsú ar fud an Aontais agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais.

Tá cuspóirí an Chláir[4] leathan, tá siad ailínithe le tosaíochtaí an Aontais Sláinte Eorpaigh[5], agus tá siad idirnasctha go dlúth le cuspóirí thionscnaimh sláinte reachtacha agus neamhreachtacha an Aontais a dtugann an Clár tacaíocht airgeadais dóibh. Is iad seo a leanas na ceithre chuspóir ghinearálta:

*a) an tsláinte san Aontas a fheabhsú agus a chothú chun ualach na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach a laghdú, trí thacú le cur chun cinn na sláinte agus le galair a chosc, trí neamhionannais sláinte a laghdú, trí stíleanna maireachtála sláintiúla a chothú agus trí rochtain ar chúram sláinte a chur chun cinn;*

1 Airteagal 3(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

2 Airteagail 9 agus 168 CFAE agus Airteagal 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021).

4 Coinníodh na cuspóirí sláinte ón togra tosaigh a cuireadh chun tosaigh i gclár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus tugadh tosaíocht do fhreagairt agus ullmhacht an Aontais agus na mBallstát i leith géarchéimeanna sláinte amach anseo i ndiaidh phaindéim COVID-19.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a thógáil: treisiú le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh i leith bagairtí sláinte trasteorann, COM(2020)724 final.

*b)* *daoine san Aontas a chosaint ó bhagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann agus neartú a dhéanamh ar fhreagrúlacht córas sláinte agus ar chomhordú i measc na mBallstát chun déileáil le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte;*

*c)* *feabhas a chur ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí íocshláinte agus feistí leighis, agus táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas, agus tacú le nuálaíocht maidir leis na táirgí sin;*

d) *córais sláinte a neartú trí fheabhas a chur ar a n-athléimneacht agus ar a n-éifeachtúlacht acmhainne, go háirithe ar na bealaí seo a leanas: (i) tacú le hobair chomhtháite agus chomhordaithe idir na Ballstáit; (ii) cur chun feidhme dea-chleachtas a chur chun cinn agus comhroinnt sonraí a chur chun cinn; (iii) lucht saothair cúraim sláinte a threisiú; (iv) dul i ngleic leis na himpleachtaí a bhaineann le dúshláin dhéimeagrafacha; agus (v) an claochlú digiteach a chur chun cinn.*

Saothraítear na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán EU4Health trí na cuspóirí sonracha seo a leanas, rud a áiritheoidh ardleibhéal cosanta do shláinte an duine i mbeartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais agus trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin a shaothrú:

*a)* *i bpáirt le gníomhaíochtaí ábhartha eile de chuid an Aontais tacú le gníomhaíochtaí chun galair a chosc, chun an tsláinte a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint sláinte, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh ar dhamáiste don tsláinte mar thoradh ar úsáid aindleathach drugaí agus andúil i ndrugaí, tacú le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sa tsláinte, chun feabhas a chur ar fheasacht maidir leis an tsláinte, chun feabhas a chur ar chearta na n-othar, sábháilteacht na n-othar, ar chaighdeán an chúraim agus ar chúram sláinte trasteorann, agus tacú le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar fhaireachas, diagnóisiú agus cóireáil galar teagmhálach agus neamhtheagmhálach, go háirithe ailse agus ailse phéidiatraiceach i bpáirt le gníomhaíochtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, chomh maith le tacú le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar mheabhairshláinte, agus aird ar leith á tabhairt ar shamhlacha cúraim nua agus ar na dúshláin a bhaineann le cúram fadtéarmach, chun athléimneacht na gcóras sláinte san Aontas a neartú;*

*b)* *neartú a dhéanamh ar acmhainn an Aontais maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt ghasta i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais, agus feabhas a chur ar bhainistíocht géarchéimeanna sláinte, go háirithe trí acmhainn an chúraim sláinte éigeandála a chomhordú, a sholáthar agus a imlonnú, tacú le bailiú sonraí, malartú faisnéise, faireachas, tástáil struis dheonach na gcóras cúraim sláinte náisiúnta a chomhordú, agus caighdeáin cháilíochta cúraim sláinte a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta;*

*c)* *tacú le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí íocshláinte, feistí leighis agus táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime trí tháirgeacht agus slabhraí soláthair inbhuanaithe agus nuálaíocht a spreagadh san Aontas, agus tacaíocht á tabhairt d'úsáid stuama agus éifeachtúil táirgí íocshláinte, go háirithe úsáid frithmhiocróbach, agus do ghníomhaíochtaí chun tacú le*

*forbairt táirgí íocshláinte nach bhfuil chomh díobhálach don chomhshaol, chomh maith le táirgí íocshláinte agus feistí leighis a tháirgeadh agus a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;*

d) *i bpáirt le hionstraimí, cláir agus cistí eile an Aontais, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát, agus i ndlúthchomhar le comhlachtaí ábhartha an Aontais, tacú le gníomhaíochtaí lena gcomhlánaítear stoc-charnadh náisiúnta táirgí riachtanacha atá ábhartha i gcás géarchéime, ar leibhéal an Aontais, i gcás inar gá;*

e) *i bpáirt le hionstraimí, cláir agus cistí eile an Aontais, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus i ndlúthchomhar le ECDC [an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú], struchtúr agus acmhainní oiliúna a bhunú ar mhaithe le cúltaca ball foirne leighis, ball foirne cúraim sláinte agus ball foirne tacaíochta arna leithdháileadh go deonach ag na Ballstáit lena shlógadh i gcás géarchéim sláinte;*

f) *úsáid agus athúsáid sonraí sláinte a neartú chun cúram sláinte a sholáthar agus le haghaidh taighde agus nuálaíochta, glacadh uirlisí agus seirbhísí digiteacha chomh maith le claochlú digiteach córas sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú le spás Eorpach sonraí sláinte a chruthú;*

g) *feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte agus seirbhísí cúraim gaolmhara ar ardchaighdeán atá dírithe ar an othar agus bunaithe ar thorthaí, agus é d'aidhm aige cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach;*

h) *tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú agus, i gcás inar gá, athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte phoiblí agus tacú le soláthar sonraí bailí, iontaofa agus inchomparáide ar ardchaighdeán le haghaidh cinnteoireacht agus le haghaidh faireachán a bhfuil bonn fianaise fúthu, agus úsáid measúnuithe tionchair sláinte ar bheartais eile ábhartha an Aontais a chur chun cinn;*

i) *tacú le hobair chomhtháite i measc na mBallstát, agus go háirithe a gcórais sláinte, lena n-áirítear cur chun feidhme cleachtas coisctheach ardtionchair, tacú le hobair ar HTA [measúnú ar theicneolaíocht sláinte], agus neartú agus uas-scálú a dhéanamh ar líonrú tríd na LTEnna [Líonraí Tagartha Eorpacha] agus líonraí trasnáisiúnta eile, lena n-áirítear i ndáil le galair nach galair neamhchoitianta iad, chun méadú a dhéanamh ar chumhdach na n-othar agus chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha íseal-leitheadúlachta agus casta;*

j) *tacú le gealltanais agus tionscnaimh sláinte dhomhanda trí thacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a threisiú, go háirithe gníomhaíochtaí ag EDS [an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte], agus comhar le tríú tíortha a chothú.*

Maidir leis an **mbuiséad tosaigh EUR 5,8 billiún** le haghaidh na mblianta 2021-2027 dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Rialachán EU4Health, **laghdaíodh é go EUR 4,6 billiún**[6] nuair a rinneadh athbhreithniú ar chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) le haghaidh 2021-2027[7].

[6] Ba é EUR 5,775 billiún buiséad tosaigh EU4Health. Leis na hathbhreithnithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, baineadh EUR 1 bhilliún den bhuiséad sin. Ina theannta sin, tháinig glanlaghdú EUR 253 mhilliún ar an gcúiteamh as atreisiú na ngníomhaireachtaí agus bhí glanmhéadú thart ar EUR 40 milliún ann, rud a d'fhág buiséad foriomlán EUR 4,562 billiún.

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024).

Leithdháileadh na cistí athshannta chun freastal ar riachtanais láithreacha, téarnamh agus tacaíocht na hÚcráine dá conair i dtreo na hEorpa, i measc nithe eile; chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le brúnna imirce; chun comhpháirtíochtaí domhanda a neartú; agus chun freagairt d'éigeandálaí.

Faoin Rialachán EU4Health, ní mór 20 % ar a laghad de bhuiséad an Chláir a chur i leataobh chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc. Leis an gClár níor cheart níos mó ná 12,5 % a infheistiú sa soláthar chun stoc-charnadh náisiúnta táirgí bunriachtanacha atá ábhartha i gcás géarchéime a chomhlánú, ná méid nach mó ná 12,5 % chun tacú le gealltanais dhomhanda agus tionscnaimh idirnáisiúnta sláinte, agus uasmhéid 8 % chun costais riaracháin a chumhdach[8].

Cuirtear buiséad an Chláir EU4Health chun feidhme trí **chláir oibre bhliantúla**[9] arna nglacadh ag an gCoimisiún tar éis tuairim dhearfach a fháil ó na Ballstáit i gCoiste an Chláir EU4Health agus ag féachaint do thuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha. Tá clársceidealú bliantúil EU4Health bunaithe ar anailís an Choimisiúin ar an mbearna idir staid reatha an chur chun feidhme agus cuspóirí an Chláir. Cuirtear ionchur na bpáirtithe leasmhara san áireamh i dtosaíochtaí bliantúla agus sna treoshuíomh straitéiseach an chláir oibre agus agus forbraítear iad sin i gcomhairle leis na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme cuspóirí foriomlána bheartas sláinte an Aontais leis an gClár.

Cuirtear an Clár chun feidhme go príomha trí **bhainistíocht dhíreach** le húdaráis na mBallstát, le hinstitiúidí acadúla agus oideachais, le hinstitiúidí taighde, le hospidéil, leis an tsochaí shibhialta agus le heintitis phoiblí nó phríobháideacha eile. Is trí **bhainistíocht indíreach** a chuirtear roinnt cúraimí cur chun feidhme buiséid ar chomhlachtaí amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta nó a ngníomhaireachtaí (EDS, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)), an Banc Eorpach Infheistíochta agus eagraíochtaí eile[10]. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar.

Tá **ráta cómhaoinithe suas le 60 %** ann i gcás **deontas** agus, **i gcás fóntas eisceachtúil, suas le 80 %**. I gcás deontais dhíreacha do na **LTEnna, do líonraí trasnáisiúnta eile** a leagtar amach faoi dhlí an Aontais agus do **EDS**, féadfaidh deontais den chineál sin a bheith i **suas le 100 % de na costais incháilithe.**

Féadfar conarthaí **soláthair phoiblí** a dhámhachtain d'aon eintiteas dlítheanach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa chreat dlíthiúil is infheidhme.

---

8 Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/522.

9 Is in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún a leagtar amach an cinneadh maoiniúcháin bliantúil, arb é atá ann an clár oibre bliantúil maidir le cur chun feidhme an Chláir EU4Health le haghaidh bliain ar leith. Glacann an Coimisiún Eorpach cinntí cur chun feidhme de bhun Airteagal 17(2) den Rialachán EU4Health maidir le 'Cur Chun Feidhme an Chláir'.

10 Airteagal 62(1) (c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

I measc thairbhithe incháilithe an Chláir tá riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha (sláinte) na mBallstát nó tíortha comhlachaithe, comhlachtaí taighde, institiúidí oideachais, eintitis phríobháideacha agus neamhbhrabúsacha agus eile[11].

Tá **comhaontuithe comhlachais an Chláir EU4Health sínithe ag an gCoimisiún leis an Úcráin, leis an Moldóiv, le Montainéagró agus leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin**, rud lenar féidir leis na tíortha sin rochtain a fháil ar chistiú EU4Health. Tá comhlachas na **hIorua** agus na **hÍoslainne** (tíortha LEE CSTE) leis an gClár EU4Health á rialú ag Prótacal 31 a ghabhann leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse.

3. **Cur chuige agus modheolaíocht na meastóireachta eatramhaí**

*Critéir agus comhthéacs na meastóireachta*

Is oibleagáid dhlíthiúil í an tuarascáil eatramhach mheastóireachta ar an gClár EU4Health i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán EU4Health agus tá doiciméad inmheánach oibre ag gabháil léi ina gcuirtear an fhianaise atá ar fáil i láthair. Déantar measúnú sa mheastóireacht eatramhach ar an méid seo a leanas: **éifeachtacht** agus **éifeachtúlacht** an Chláir; **comhleanúnachas** laistigh den Chlár agus le tionscnaimh chistiúcháin ábhartha eile de chuid an Aontais agus le beartais ábhartha eile; **breisluach AE** na ngníomhaíochtaí arna gcistiú; agus **ábharthacht** chuspóirí an Chláir. Leis an meastóireacht eatramhach, tugtar léargas ar chur chun feidhme leanúnach an Chláir EU4Health, réitítear an bealach don mheastóireacht deiridh atá le teacht, agus cuirtear bonn eolais faoin machnamh ar Chlár a d'fhéadfadh teacht i gcomharbacht ar an gcéad CAI eile.

*Tréimhse na meastóireachta*

Leis an meastóireacht eatramhach, déantar tomhas ar dhul chun cinn an Chláir ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Aibreán 2024 (scoithdháta), ar fud na 27 mBallstát agus na 6 thír nach Ballstáit den Aontas iad atá comhlachaithe leis an gClár[12].

*Modheolaíocht na meastóireachta*

Leis an meastóireacht eatramhach, mar a leagtar amach in Airteagal 20(2) den Rialachán EU4Health[13], cuirtear leis na sonraí aschuir agus torthaí ó líon teoranta gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích faoin scoithdháta. Dá bhrí sin, ní raibh ach sonraí teoranta ar fáil maidir le torthaí agus ní raibh aon sonraí ar fáil ar chor ar bith maidir le tionchair. Is minic a bhíonn comhpháirteanna agus páirtithe leasmhara iomadúla i gceist le hidirghabhálacha sláinte poiblí an Aontais agus comhlánaíonn siad idirghabhálacha na mBallstát. D'fhéadfadh sé a bheith deacair éifeachtaí gníomhaíochtaí sonracha a leithlisiú agus meastóireacht chruinn a dhéanamh ar a dtionchar dá bharr sin. Is deacair nasc cúisíoch a shuí idir ionchur, aschur, torthaí agus tionchair in idirghabháil sláinte poiblí de chuid an Aontais mar gheall ar chineál casta

[11] Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/522.
[12] An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, an Mholdóiv, Montainéagró, an Iorua agus an Úcráin.
[13] Rialachán (AE) 2021/522.

ilghnéitheach na n-idirghabhálacha sin, inar féidir le hathróga iomadúla agus tosca seachtracha tionchar a imirt ar na torthaí a thagann aisti.

Sa mheastóireacht baintear leas as fianaise bhreise a cuireadh ar fáil trí staidéar seachtrach a rinneadh idir mí na Nollag 2023 agus mí Dheireadh Fómhair 2024. Comhlánaítear na sonraí a bhailítear ar leibhéal an Chláir agus an tionscadail le cás-staidéir, le fianaise a bhailítear ó pháirtithe leasmhara ar líne agus trí agallaimh agus léirbhreithniú ar an litríocht. San anailís sonraí tá comparáid déanta in aghaidh na bonnlíne agus na spriocanna, tá anailís ar chostais agus tairbhí a mhéid is féidir agus tá mapáil ar aistear an chustaiméara. Rinneadh anailís ar 'mhórthreochtaí' (amhail an t-athrú déimeagrafach, an digitiú etc.) chun measúnú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh na treochtaí sin tionchar a imirt ar idirghabhálacha i gcórais sláinte, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gClár.

## 4. Príomhthorthaí na meastóireachta eatramhaí

Tráth na meastóireachta eatramhaí, tá na sonraí atá ar fáil teoranta do na torthaí luatha ó na gníomhaíochtaí maoinithe, agus níl tionchair na ngníomhaíochtaí sin le brath go fóill. Léiríonn na torthaí tosaigh ó 26 dheontas agus 136 sholáthar go bhfuil an cur chuige bailithe sonraí iontaofa, agus go dtugann modheolaíocht na meastóireachta bonn láidir maidir le cur i gcrích na meastóireachta deiridh.

### *Éifeachtacht agus éifeachtúlacht*

**Bunaíodh rialachas an Chláir EU4Health ar bhealach tráthúil agus ar an gcaoi sin bhíothas in ann an próiseas clársceidealaithe a reáchtáil go tapa agus go héifeachtúil le linn phaindéim COVID-19.** Bhí ról criticiúil ag an bpróiseas clársceidealaithe EU4Health maidir le gníomhaíochtaí an Chláir a ailíniú lena chuspóirí uileghabhálacha. Leis an gcomhordú idir an dá mháthair-Ardstiúrthóireacht (ASanna), an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (AS SANTE) agus an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), agus leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA), chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát i gcoistí stiúrtha agus i bpróisis forbartha clár, áirithítear go dtugann gníomhaíochtaí aghaidh ar riachtanais phráinneacha sláinte poiblí agus go n-ailíníonn siad le straitéisí níos leithne de chuid an Aontais lena n-áirítear an tAontas Sláinte Eorpach. Bhí na cláir oibre bhliantúla éifeachtach maidir le gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh de chuspóirí ginearálta an Chláir EU4Health, rud lenar bhain leithdháileadh soiléir acmhainní ar réimsí tosaíochta amhail ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, sláinte dhigiteach (r-Shláinte), agus galair a chosc. Glacadh an chéad chlár oibre bliantúil le haghaidh 2021 thart ar 3 mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin EU4Health. Reáchtáladh na próisis chlársceidealaithe i gcomhthráth i gcás chláir oibre 2021 agus 2022, ar cláir iad a glacadh tar éis tréimhse ullmhúcháin de thart ar 10 mí. Leis an gclársceidealú in 2023 agus 2024, cloíodh le timthriallta clársceidealaithe ní ba rialta, lenar bhain glacadh tráthúil na gclár oibre agus próiseas éifeachtach leasaithe.

**Maidir leis na gníomhaíochtaí uile arna gclársceidealú le haghaidh 2021, 2022 agus 2023 agus arna dtarmligean chuig HADEA ag na máthair-Ardstiúrthóireachtaí, seoladh go rathúil iad**. Dá bhrí sin, síníodh 726 chonradh (lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin go

léir le haghaidh na 3 bliana sin) le 1 274 eintiteas dhlíthiúla amhail: aireachtaí sláinte; údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus údaráis phoiblí eile; eagraíochtaí cúraim sláinte agus taighde sláinte; agus eintitis neamhbhrabúis agus phríobháideacha. Eisíocadh an chuid is mó de na cistí EU4Health trí dheontais agus trí sholáthar. Ina theannta sin, úsáideadh comhaontuithe ranníocaíochta chun tacú le tosaíochtaí sláinte domhanda. Faoi Aibreán 2024, bhí thart ar EUR 2,63 billiún de bhuiséad iomlán EU4Health (EUR 5,8 billiún le haghaidh 2021-2027) clársceidealaithe agus bhí EUR 1,39 billiún de sin geallta go héifeachtach.

Tá **ceithre 'shraith' uileghabhálacha** i gclár oibre EU4Health: *ullmhacht i leith géarchéimeanna*; *cur chun cinn na sláinte agus cosc galar*; *córais sláinte agus lucht saothair an chúraim sláinte*; agus cúrsaí *digiteacha*. Meastar gur sraith chothrománach í an *ailse*.

Is údaráis náisiúnta nó réigiúnacha den chuid is mó iad tairbhithe na ndeontas ó 22 thír[14], arna n-ainmniú ag a dtír dhúchais chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha nó chun deontais dhíreacha eile a fháil. Is eagraíochtaí sláinte poiblí (amhail aonaid cúraim sláinte, eagraíochtaí taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha, etc.) iad na tairbhithe deontais eile.

Le linn 2021-2024, fuair 255 eagraíocht neamhrialtasacha deontais ghníomhaíochta agus ghlac siad páirt i 55 thionscadal, ag ionsú EUR 41,2 milliún. Ina theannta sin, fuair 27 n-eagraíocht neamhrialtasacha deontais oibriúcháin, ag ionsú EUR 23,2 milliún.

Bhain 94 eintiteas dhlítheanacha as 18 mBallstát[15] tairbhe as cistí trí sholáthar idir 2021 agus 2024. Rinneadh an soláthar seirbhísí is mó faoin tsraith ullmhachta i leith géarchéimeanna. Sa soláthar sin bhí saoráidí 'i gcónaí réidh le dul' (tionscadal FAB an Aontais) a áirithiú le haghaidh tháirgeadh vacsaíní agus forbairt TF chun córais luathrabhaidh, samhaltú, ionsamhlú agus réamhaisnéis a fheabhsú[16]. Tá an chuid is mó de na cistí soláthair ionsúite ag sé Bhallstát[17] as buiséad iomlán EUR 396,4 milliún, is é sin EUR 22 mhilliún ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit.

**Leis na deontais agus an soláthar do sheirbhísí, is féidir gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh faoi gach sraith den chlár oibre.** Is é EUR 1,39 billiún an buiséad foriomlán a gealladh faoin scoithdháta. Sa bhainistíocht dhíreach tá deontais dar luach EUR 741,84 milliún agus soláthar dar luach EUR 420,44 milliún. Baineann an chuid eile den airgead leis an mbainistíocht indíreach. Leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus na deontais dhíreacha eile do na Ballstáit, tugtar le chéile údaráis náisiúnta a éascaíonn agus a fheabhsaíonn comhar, fothú acmhainneachta agus aistriú eolais. Bíonn soláthraithe ón earnáil phríobháideach, ó na Ballstáit den chuid is mó, páirteach i soláthar seirbhísí, agus i roinnt cásanna tagann siad ó thíortha eile[18], ó eagraíochtaí idirnáisiúnta[19] nó ó sheirbhísí an Choimisiúin[20]. Trí chomhaontuithe ranníocaíochta le heagraíochtaí idirnáisiúnta, éascaíodh cur chun feidhme

14 An Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Úcráin.

15 An Ostair, an Bheilg, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn agus an tSualainn.

16 ATHINA – an córas TF Ardteicneolaíochta um Fhaisnéis agus Gníomhaíocht Sláinte.

17 An Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Ísiltír, Lucsamburg agus an Spáinn.

18 Na Stáit Aontaithe.

19 EDS; deontas don Chumann Afracach um Míochaine Saotharlainne.

20 An tAirmheán Comhpháirteach Taighde.

roinnt tionscnamh lena n-áirítear lasmuigh de theorainneacha an Aontais, amhail aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sláinte an chogaidh fhoghaigh a thug an Rúis faoin Úcráin nó gníomhaíochtaí ullmhachta i leith géarchéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte trasteorann atá ag teacht chun cinn in áit tionscnaimh na bagartha, amhail san Afraic i gcás an víris bolgaí moncaí.

Faoin scoithdháta, **bhí 499 n-eagraíocht in ann a bheith ag comhoibriú ar fud thíortha na hEorpa de thoradh na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha, agus bhí 40 % de na heagraíochtaí uile rannpháirteach i níos mó ná gníomhaíocht chomhpháirteach amháin.** Tá ábharthacht na *gcritéar a bhaineann le fóntais eisceachtúla* mar shásra cistiúcháin léirithe sa Chlár EU4Health, lena gcuirtear tacaíocht airgeadais mhéadaithe ar fáil (ranníocaíocht suas le 80 %) do ghníomhaíochtaí a bhfuil 14 Bhallstát ar a laghad páirteach iontu, ar tíortha iad ceithre cinn díobh ar lú a n-ollioncam náisiúnta (OIN) in aghaidh an áitritheora ná 90 % de mheán an Aontais[21] nó ina bhfuil 30 % de bhuiséad na gníomhaíochta dírithe ar na tíortha sin.

Is dúshlán mór fós é **an t-ualach riaracháin**, go háirithe do Bhallstáit bheaga agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. Cuimsíonn sin ceanglais chasta maidir le cur i bhfeidhm agus tuairisciú, rud a d'fhéadfadh an rannpháirtíocht a dhíspreagadh. Trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas bainistithe soláthair, mar shampla, trí uirlisí digiteacha feabhsaithe, d'fhéadfaí moilleanna a laghdú agus sásamh na bpáirtithe leasmhara a mhéadú.

Tá **dul chun cinn mór déanta de thoradh an Chláir cheana féin ag an gcéim eatramhach seo.**

Cuireann an Clár le **galair a chosc agus leis an tsláinte a chur chun cinn** trí thacú go han-éifeachtach le **Healthier Together – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha**[22]**,** mar a léirítear le hobair chomhpháirteach na mBallstát, i measc nithe eile[23]. Thairis sin, tá an oibleagáid dhlíthiúil maidir le 20 % ar a laghad de bhuiséad iomlán an Chláir a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí coisctheacha galar agus cur chun cinn na sláinte comhlíonta go dtí 2024 cheana féin[24]. **Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le líonraí cúraim sláinte a fheabhsú.** Sna LTEnna, a sholáthraíonn cúram speisialaithe i gcás galair neamhchoitianta, tá 1 619 soláthraí cúraim sláinte anois, rud a léiríonn méadú 40 % faoin scoithdháta i gcomparáid le 2021. Tá tionchar inbhraite ag baint leis an méadú sin, ós rud é go bhfuair 2,24 milliún othar a bhfuil galar neamhchoitianta orthu comhairle shaineolach faoi 2024 maidir leis na diagnóisí agus na cóireálacha is iomchuí. **Tá tionscnaimh sláinte digití ag dul chun cinn freisin**, trí chur chun feidhme MyHealth@EU, is é sin an bonneagar lenar féidir leanúnachas trasteorann cúraim a áirithiú trí rochtain a sholáthar ar Achoimrí ar an Othar agus ar Ríomhoidis agus tá an bealach á réiteach aige sin don Spás Eorpach Sonraí Sláinte. Bhíothas in ann na nithe sin a bhaint amach trí 44 phríomhthionscadal arna maoiniú ag an gClár, lena n-

21 Airteagal 8(3) den Rialachán EU4Health.
22 Healthier Together – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha.
23 An Ghníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Galair Neamhtheagmhálacha a Chosc (JA PreventNCD) agus an Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Galair Chardashoithíocha agus Diaibéiteas (JACARDI).
24 In Airteagal 5 den bhuiséad ón Rialachán EU4Health tá forálacha chun íosmhéid 20 % de bhuiséad iomlán EU4Health a fhorchoimeád le haghaidh gníomhaíochtaí chun an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc.

áirithítear rochtain níos fearr ar shonraí sláinte agus bainistíocht níos fearr orthu ar fud an Aontais. Tugadh tacaíocht bhreise don **nuálaíocht agus don inrochtaineacht** i bhfrithbhearta leighis le hinfheistíocht EUR 104 mhilliún atá dírithe ar dhul chun cinn sa réimse sin a chothú, lena n-áirítear dreasachtaí chun rochtain ar antaibheathaigh a áirithiú. Ina theannta sin, faoi FAB an Aontais, tá acmhainneachtaí monaraíochta daingnithe ag sé oibreoir eacnamaíocha chun a chinntiú gur féidir vacsaíní a tháirgeadh go hiomlán laistigh den Aontas i gcás éigeandála. Idir an dá linn, sa chomhrac i gcoinne na hailse, tá na treoirlínte Eorpacha maidir le scagthástáil agus diagnóisiú ailse cíche á n-oiriúnú agus á nglacadh ag na Ballstáit, agus tá an scéim ceisteanna agus freagraí curtha i gcrích agus réidh le cur chun feidhme tar éis a dtástála ar fud 9 mBallstát. Céim ríthábhachtach tar éis an mholta ón gComhairle maidir le scagthástáil ailse ó 2022. Thairis sin, mar fhreagairt ar an riosca méadaitheach a bhaineann le pataiginí trasteorann, i mí Eanáir 2024 thosaigh 23 Bhallstát ar **chóras faireachais Aon Sláinte Amháin** a chur chun feidhme, rud a threisigh ullmhacht an Aontais i gcoinne bagairtí sláinte a théann thar theorainneacha náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, le gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais maidir le faireachas comhtháite fuíolluisce le haghaidh na sláinte poiblí (AE-WISH), tá 26 thír tugtha le chéile freisin chun borradh a chur faoina gcumas bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh go tapa trí fhaireachas fuíolluisce.

Is féidir bailiú sonraí an Chláir a dhéanamh le 52 tháscaire, a bhfuil tuairisc orthu i gcreat faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta an Chláir EU4Health.[25]. Déanann na táscairí faireachán ar ionchur, aschur, torthaí agus tionchair. Baineann naoi *bpríomhtháscaire feidhmíochta* ainmnithe le beartais sláinte shuaitheanta agus is léiriú iad ar na príomhéachtaí sa tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht[26].

**Léirítear in anailís bhliantúil 2023 ar fheidhmíocht (an ceann is déanaí atá ar fáil roimh scoithdháta na meastóireachta eatramhaí an 30 Aibreán 2024) go bhfuil feidhmíocht fhoriomlán an Chláir ar an mbóthar ceart chun a chuspóirí a bhaint amach.**

**Tá dul chun cinn na *naoi bpríomhtháscaire feidhmíochta* léiritheach.** Sáraíodh sprioc 2027 cheana féin in 2024 le haghaidh an táscaire a bhaineann le LTEnna agus le haghaidh an táscaire a bhaineann leis an líon Ballstát a chuireann dea-chleachtais chun feidhme maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc. Tá bearta déanta ag beagnach gach Ballstát agus gach tír chomhlachaithe (30) chun forbairt a dhéanamh ar a bpleananna ullmhachta agus freagartha i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte. Tá garsprioc 2024 gar dá baint amach i gcás an phríomhtháscaire feidhmíochta ‘An líon ball foirne cúraim sláinte agus sláinte poiblí atá oilte’ agus táthar ar an mbóthar ceart maidir le ceithre tháscaire eile a bhaint amach[27].

**Baineadh garspriocanna 2024 amach, mar shampla, agus tá siad sáraithe faoi shraitheanna éagsúla, fiú amháin.** De réir mar a théann cur chun feidhme an Chláir chun

25 Féach Iarscríbhinn I a ghabhann le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, An clár EU4Health: creat maidir le faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht SWD(2024)223 final.

26 Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann le SWD(2024)223 final.

27 Chun faisnéis a fháil maidir le torthaí feidhmíochta na dtáscairí EU4Health, féach (2024) Táblaí Sonraí Feidhmíochta 2021-2027.

cinn, tá dul chun cinn mór déanta maidir le roinnt táscairí chun spriocanna 2027 a bhaint amach i bpríomhréimsí amhail: ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna; cur chun cinn na sláinte agus cosc galar; ailse; agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu trí LTEnna.

*Comhleanúnachas*

**Tá dearadh an Rialacháin EU4Health fónta ar an iomlán, agus tá na cuspóirí comhleanúnach. Léiríonn cuspóirí ginearálta agus sonracha uile an Chláir go cruinn agus go cuimsitheach riachtanais agus dúshláin sláinte an Aontais.** Leis na cuspóirí sonracha cuimsitheacha sin, is féidir cur chun feidhme thosaíochtaí beartais sláinte an Aontais atá ann cheana a mhaoiniú, lena n-áirítear reachtaíocht sláinte an Aontais atá ann cheana.

**Tá an Clár comhsheasmhach le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach, an clár don Eoraip Dhigiteach, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa**, **an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (ICFCI)**. Cuireann Fís Eorpach taighde agus nuálaíocht sláinte chun cinn trína thionscnaimh Bhraisle 1 agus trí Mhisean Ailse an Aontais, lena dtugtar aghaidh ar ghalair a chosc agus lena gcuirtear sineirgí le beartais sláinte poiblí chun cinn. Cistíonn sé taighde i réimsí amhail galair thógálacha agus ailse agus cuidíonn sé le teicneolaíochtaí digiteacha a ionchorprú i gcúram sláinte agus cuireann sé comhar sláinte domhanda chun cinn. Le comhpháirtíochtaí faoi chuimsiú an chláir Fís Eorpach, amhail na comhpháirtíochtaí sin a dhíríonn ar chórais sláinte a chlaochlú agus galair neamhchoitianta, neartaítear éiceachóras nuálaíochta sláinte na hEorpa. Leis an gclár don Eoraip Dhigiteach, cuirtear feabhas ar scileanna digiteacha sa réimse sláinte agus cuidítear leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a bhunú ar mhaithe le rochtain níos fearr ar shonraí agus idir-inoibritheacht sonraí níos fearr. Ina theannta sin, maidir le cistí amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, ERASMUS+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tacaíonn siad le bonneagar sláinte, ríomhsheirbhísí sláinte, agus forbairt scileanna lucht saothair.

Áirithítear comhleanúnachas an Chláir EU4Health le cistí eile de chuid an Aontais freisin trí chomhairliúchán idirsheirbhíse maidir leis na cláir oibre bhliantúla agus trí imeachtaí comhpháirteacha le páirtithe leasmhara a eagrú chun tionscadail a chur i láthair maidir le réimsí téamacha sonracha (e.g. meabhairshláinte). Is i gcás gníomhaíochtaí maidir le hailse is mó a bhíonn comhleanúnachas ann idir EU4Health agus Fís Eorpach[28]. Eascraíonn sé sin as dlúth-ailíniú Mhisean Ailse an Aontais de chuid an chláir Fís Eorpach le sraith ailse EU4Health, rud a áirithítear trí rialachas comhpháirteach Mhisean Ailse an Aontais agus Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa.

[28] Chun forléargas breise a fháil ar chomhleanúnachas idir EU4Health agus Fís Eorpach, féach roinn 4.1.3 Ullmhacht i leith géarchéimeanna sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

D’fhéadfadh sineirgíocht a bheith ann freisin idir an Comhaontú Glas don Eoraip agus EU4Health. Tá 15 ghníomhaíocht in EU4Health dar luach EUR 23,5 milliún agus tacaíonn siad go díreach le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais.

***Breisluach AE***

**Tá breisluach AE mór ag baint le gníomhaíochtaí faoin gClár EU4Health trí fhothú acmhainneachta, pleanáil straitéiseach, agus tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí a leagan síos chun an nuálaíocht a mhéadú agus a chur chun cinn agus an úsáid is fearr a bhaint as torthaí taighde.**

Seoladh gníomhaíochtaí dar luach EUR 623 mhilliún faoin gClár EU4Health, gníomhaíochtaí maidir le *hullmhacht i leith géarchéimeanna agus maidir le slándáil sláinte*, idir mí Eanáir 2021 agus scoithdháta na meastóireachta eatramhaí (an 30 Aibreán 2024). Chuir na gníomhaíochtaí sin feabhas ar chumas an Aontais éigeandálaí sláinte a chosc ar bhealach níos fearr, ar a ullmhacht maidir leo agus ar a chumas freagairt dóibh ar bhealach níos fearr. Chinntigh siad freisin cumas an Aontais rochtain ar fhrithbhearta leighis a áirithiú. I measc na samplaí tá gníomhaíochtaí maidir le frithbhearta leighis a fhorbairt agus soláthar; Saotharlanna tagartha Eorpacha; cumas faireachais agus bailithe faisnéise; agus córais luathrabhaidh agus freagartha. Tá gníomhaíochtaí den sórt sin ríthábhachtach chun gníomhú in aghaidh bagairtí trasteorann ar an tsláinte san Aontas amach anseo.

> Cuireadh EUR 27 milliún ar fáil chun tacú le bailiú faisnéise trí fhoinsí oscailte, le córais faireachais fuíolluisce, le hacmhainneachtaí seicheamhaithe agus le bailiú faisnéise eipidéime ar an leibhéal domhanda.

Tá infheistíochtaí suntasacha déanta tríd an gClár chun tacú go díreach le *cur chun cinn na sláinte agus cosc galar* (EUR 155,4 milliún), go háirithe maidir le galair neamhtheagmhálacha (lena n-áirítear ailse), meabhairshláinte, galair chardashoithíocha, diaibéiteas, galair riospráide agus chun stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn a meastar go mbeidh tionchar dearfach acu ar shláinte fhadtéarmach shaoránaigh an Aontais. I gcás na ngníomhaíochtaí ó shraitheanna eile tá gníomhaíochtaí chun an tsláinte a chur chun cinn agus chun galair a chosc. In éineacht leis an tacaíocht dhíreach sa réimse idirghabhála seo, tá EUR 536,7 milliún cláraithe anois chun an tsláinte a chur chun cinn agus chun galair a chosc. Comhlíonann sé sin an gealltanas dlíthiúil 20 % atá déanta faoin Rialachán EU4Health.

> Fuair 600 000 duine easáitithe ón Úcráin garchabhair shíceolaíoch agus seirbhísí meabhairshláinte i 22 Bhallstát agus 3 thír nach bhfuil san Aontas

Tá EUR 239 milliún curtha chun úsáide tríd an gClár EU4Health maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh *chun córais sláinte náisiúnta a neartú*, mar shampla: trí ghníomhaíocht chomhpháirteach CIRCE, lena n-aistrítear dea-chleachtais i gcúram sláinte príomhúil idir Ballstáit an Aontais; trí mhaoiniú méadaithe do na Líonraí Tagartha Eorpacha (EUR 100,5 milliún), agus trí athléimneacht an lucht saothair cúraim sláinte a mhéadú, ag tógáil ar thorthaí na gclár sláinte roimhe seo. Bunaíodh na Líonraí Tagartha Eorpacha in 2017 agus lean siad den

chomhar idir soláthraithe cúraim sláinte a éascú agus a fheabhsú agus tugadh comhairle maidir leis an diagnóisiú is iomchuí agus maidir leis an gcóireáil is fearr atá ar fáil d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu trí na Líonraí. Leis an gClár cuireadh feabhas freisin ar ullmhacht an lucht saothair cúraim sláinte trí oiliúint spriocdhírithe agus tionscnaimh fothaithe acmhainneachta, lena n-áirithítear gur fearr is féidir leis na Ballstáit bainistíocht a dhéanamh ar bhorradh ar an éileamh ar chúram sláinte.

Idir mí na Samhna 2023 agus mí Aibreáin 2024, foilsíodh faisnéis leictreonach táirge maidir le 15 chógas mar chuid dá nós imeachta um údarú margaíochta, rud a réitíonn an bealach do dhigitiú níos leithne a dhéanamh ar an líonra rialála.

Tá dul chun cinn déanta maidir le *claochlú digiteach na gcóras cúraim sláinte* (EUR 124,96 milliún) ar fud an Aontais tríd an obair ullmhúcháin agus trí bhonneagar an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte a fhorbairt a fhaigheann tacaíocht ón gClár EU4Health. Fágann sé sin gur féidir sonraí sláinte a mhalartú thar theorainneacha agus cuireann sé feabhas ar an rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán. Tá rochtain níos éasca ag saoránaigh an Aontais ar a dtaifid sláinte anois agus is féidir leo cúram leanúnach a fháil agus iad ag taisteal idir na Ballstáit. Tá na Ballstáit nasctha ar bhealach níos fearr freisin, rud a fhágann go bhfuil bonneagar cúraim sláinte níos comhtháite agus níos éifeachtúla ann ar fud an Aontais. Agus an Clár dírithe ar úsáid thánaisteach sonraí sláinte le haghaidh taighde agus ceapadh beartas, tá sé d'aidhm aige ceannaire a dhéanamh den Aontas ó thaobh taighde leighis agus nuálaíocht cúraim sláinte de. Sna gníomhaíochtaí ó na sraitheanna eile tá gníomhaíochtaí claochlaithe dhigitigh a chuireann le tosaíochtaí cothrománacha an Aontais.

Fuair 22 thír Eorpacha, lena n-áirítear 20 Ballstát den Aontas, tacaíocht chun a gcórais sláinte a dhigitiú agus méadaíodh cumhdach geografach sheirbhísí MyHealth@EU, idir-inoibritheacht agus/nó rochtain othar ar a gcuid sonraí sláinte féin.

*I measc na n-infheistíochtaí a thacaíonn le cur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa* (EUR 220 milliún) tá príomhghníomhaíochtaí chun tosca riosca ailse a laghdú, chun feabhas a chur ar an gcumhdach vacsaínithe agus scagthástála, agus chun feabhas a chur ar chlárlanna ailse trí bhailiú sonraí a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin cuirtear go héifeachtach le luathbhrath agus straitéisí cóireála níos éifeachtaí. Tá dul chun cinn déanta i roinnt réimsí eile, lena n-áirítear maidir le Lárionad Eolais an Choimisiúin Eorpaigh um Ailse[29], clárlann éagothromaíochtaí ailse na hEorpa[30], agus Líonra an Aontais lena nasctar Ionaid Chuimsitheacha Náisiúnta Ailse agus líonraí nua saineolais. Baineann Líonra an Aontais leas

29 An Lárionad Eolais um Ailse.

30 Clárlann Éagothromaíochtaí Ailse na hEorpa.

as pobal oinceolaíochta na hEorpa ina iomláine le haghaidh réimsí sonracha dúshlánacha ailse a rachadh comhar trasteorann chun tairbhe dóibh.

> I mí na Nollag 2023 foilsíodh 29 bpróifíl ailse tíre ó Bhallstáit uile an Aontais agus ón Íoslainn agus ón Iorua, rud a chuir i dtábhacht na príomhéachtaí agus na príomhdhúshláin a bhaineann le cosc agus cúram ailse.

EUR 61,5 milliún[31] atá sa tacaíocht do *Straitéis Sláinte Domhanda* an Aontais[32], agus tá thart ar EUR 50 milliún de sin geallta do ghníomhaíochtaí amhail ullmhacht agus freagairt ar bhagairtí trasteorann ar an tsláinte a neartú ar an leibhéal domhanda. Tá sé d'aidhm ag staidéar leanúnach creat faireacháin a dhearadh agus a thástáil chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí chur chun feidhme Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais. Le tacaíocht ó mhaoiniú ón gClár EU4Health, tá ról an Aontais sa tsláinte dhomhanda á neartú ag na Ballstáit agus ag tíortha comhlachaithe trí fheabhas a chur ar chomhordú na ngníomhaíochtaí idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais. Leis na gealltanais dhomhanda agus na tionscnaimh sláinte a tugadh i gcrích le comhpháirtithe idirnáisiúnta amhail EDS agus Cumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, tugadh aghaidh ar iarmhairtí sláinte chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus ar riachtanais dídeanaithe, i measc saincheisteanna eile.

### *Ábharthacht*

Léirítear sna torthaí ó staidéar tacaíochta na meastóireachta a fhoilsítear in éineacht leis an tuarascáil seo go raibh **cuspóirí ginearálta agus sonracha uile an Chláir EU4Health an-ábhartha**, rud a chuireann in iúl go cruinn agus go cuimsitheach na riachtanais sláinte agus na dúshláin a bhí ann in 2021, nuair a cruthaíodh an Clár. Fuarthas amach sa staidéar go raibh na cuspóirí sonracha ailínithe go maith le tosaíochtaí straitéiseacha sláinte poiblí an Aontais don tréimhse 2019-2024, lena n-áirítear feabhas a chur ar sholáthar cógas inacmhainne, cur chun feidhme éifeachtach an chreata rialála nua maidir le feistí leighis a áirithiú agus tús áite a thabhairt don r-Shláinte[33].

Le linn na tréimhse 2021-2024, lean an **Clár EU4Health de bheith an-ábhartha maidir le tosaíochtaí an Aontais Sláinte Eorpaigh** amhail: freagairt, cosc agus ullmhacht i leith géarchéimeanna sláinte; cur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte[34]; Plean Sáraithe Ailse na hEorpa[35]; an tionscnamh

---

[31] Don mheastóireacht eatramhach sin, beartaítear tacaíocht airgeadais do Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais mar bhuiséad iomlán na ngníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme cuspóir sonrach (j) EU4Health – tacú le gealltanais dhomhanda agus le tionscnaimh sláinte.

[32] STRAITÉIS SLÁINTE DOMHANDA AN AONTAIS EORPAIGH - Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan Atá ag Athrú.

[33] Litir mhisin ó Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, chuig an gCoimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an 1 Nollaig 2019.

[34] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, (IO L 314, 6.12.2022).

[35] Plean Sáraithe Ailse na hEorpa.

'Healthier Together'[36]; an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip[37]; tacú le hobair ar mheasúnuithe ar theicneolaíocht sláinte agus tógáil ar an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[38].

**Bhí na gníomhaíochtaí a cistíodh i gcláir oibre bhliantúla 2021, 2022, 2023 agus 2024 an-ábhartha i ndáil leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha uile a chur chun feidhme**. Deimhníodh i gcleachtadh mapála agus in anailís bhreise ar na cláir oibre bhliantúla gur cumhdaíodh gach ceann de na ceithre chuspóir ghinearálta agus na deich gcuspóir shonracha den chuid is mó ar bhealach leordhóthanach. I gcomhréir leis sin, d'aontaigh formhór na bpáirtithe leasmhara go raibh na gníomhaíochtaí i gcláir oibre bhliantúla 2021-2024 ábhartha do gach ceann de na ceithre chuspóir ghinearálta agus do na deich gcuspóir shonracha uile.

Leagtar béim ar **ábharthacht leanúnach** an Chláir le linn na tréimhse cur chun feidhme trí ardmheas na bpáirtithe leasmhara a cuireadh in iúl trí shuirbhéanna agus le linn agallaimh spriocdhírithe i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2024: thuairiscigh dhá thrian ar a laghad de fhreagróirí an tsuirbhé gur aontaigh siad 'go mór' nó 'go han-mhór' go raibh gach cuspóir ginearálta ábhartha, agus bhraith leath de na freagróirí ar a laghad mar an gcéanna maidir le gach cuspóir sonrach. Deimhníodh in agallaimh a bhí spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara go raibh comhdhearcadh ann ar fud na ngrúpaí páirtithe leasmhara uile go raibh cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir EU4Health fós ábhartha le linn thréimhse cur chun feidhme an Chláir ó mhí Eanáir 2021 go dtí mí Aibreáin 2024.

**Na dúshláin sláinte ar dearadh an Clár EU4Health chun aghaidh a thabhairt orthu, tá siad fós ábhartha do na blianta atá le teacht,** go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: an riosca méadaithe ó thaobh ráigeanna agus eipidéimí nó paindéimí de; frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha ag dul i méid; fad saoil méadaithe a bhfuil baint aige, in éagmais tuilleadh gníomhaíochta, le leitheadúlacht mhéadaithe galar neamhtheagmhálach. Beidh gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus le hacmhainní comhchuimseacha chun na dúshláin sláinte sin a shárú. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá:

1. leanúint de chur chuige na hAon Sláinte Amháin a fhorbairt;
2. an nuálaíocht a uas-scálú ar fud na mbeartas sláinte;
3. feabhas a chur ar chreataí rialála le haghaidh táirgí cógaisíochta agus feistí leighis, lena n-áirítear táirgí íocshláinte chriticiúla;
4. an bealach a réiteach don aistriú digiteach;
5. ganntanais lucht saothair a mhaolú;
6. an rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú;
7. dlús a chur le cosc galar neamhtheagmhálach;

[36] Healthier Together – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha.

[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An straitéis chógaisíochta don Eoraip, COM(2020)761 final.

[38] Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847, (IO L, 2025/327, 5.3.2025).

8. aosú folláin a chumasú trí chur chuige cuimsitheach agus ar feadh an tsaoil maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc, lena n-áirítear galair chardashoithíocha, agus an comhrac leanúnach in aghaidh na hailse;
9. damáiste don tsláinte mar gheall ar úsáid aindleathach drugaí agus andúil iontu a laghdú, lena n-áirítear faisnéis agus cosc; gníomhaíochtaí braite bagairtí a mhéadú agus tacú le frithbhearta leighis nua in aghaidh ráigeanna;
10. feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair táirgí íocshláinte criticiúla agus frithbheart leighis;
11. bith-theicneolaíochtaí sláinte a fhorbairt.

*Tá an Clár EU4Health fós ábhartha toisc go maoiníonn sé cur chun feidhme acquis sláinte an Aontais* agus go n-éascaíonn sé comhar agus comhordú leis na Ballstáit chun **Aontas Sláinte Eorpach a thógáil**. Is é an Clár EU4Health príomhchiste an Aontais atá ina bhonn agus ina thaca chun Aontas Sláinte Eorpach láidir a fhorbairt, lena n-áirítear a ghnéithe inmheánacha agus seachtracha araon. Maoiníonn sé gníomhaíochtaí chun Aontas Sláinte Eorpach a thógáil trí thosaíochtaí agus beartais sláinte a chur chun feidhme amhail:

1. ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna;
2. Plean Sáraithe Ailse na hEorpa;
3. an t-athchóiriú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais;
4. cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte[39];
5. HTA;
6. an Spás Eorpach Sonraí Sláinte;
7. feistí leighis[40];
8. feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*[41];
9. rialacha maidir le substaintí de bhunús daonna[42].

Tacaíonn an Clár EU4Health freisin le gníomhaíochtaí faoi shainorduithe leathnaithe na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí agus an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Ina theannta sin, tacaíonn sé le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais agus cuidíonn sé leis na Ballstáit Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach mar

---

39 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, COM(2023)298 final.

40 Rialachán (AE) 2017/745 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle, (IO L 117, 5.5.2017).

41 Rialachán (AE) 2017/746 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún, (IO L 117, 5.5.2017).

42 Rialachán (AE) 2024/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine agus lena n-aisghairtear Treoracha 2002/98/CE agus 2004/23/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, (IO L, 2024/1938, 17.7.2024).

aon leis na garpriocanna a bhaineann leis sin. Tacaíonn Clár EU4Health le tosaíochtaí sláinte an Aontais agus le forbairt agus meastóireacht gníomhartha dlí.

## 5. Conclúidí agus ceachtanna foghlamtha

*Conclúidí*

**Cuireadh próisis rialachais agus chlársceidealaithe an Chláir EU4Health ar bun go rathúil** agus tá sé léirithe go bhfuil siad éifeachtach i ndáil leis na cláir oibre bhliantúla agus na leasuithe is gá a ghlacadh go tráthúil. Tá an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara seanbhunaithe. Bhí na cláir oibre éifeachtach maidir le gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh de chuspóirí ginearálta an Chláir EU4Health, rud lenar bhain leithdháileadh soiléir acmhainní ar réimsí tosaíochta amhail ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, sláinte dhigiteach, agus galair a chosc. Glacadh an chéad chlár oibre in 2021 thart ar 3 mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin EU4Health. Reáchtáladh na próisis chlársceidealaithe i gcomhthráth i gcás chláir oibre 2021 agus 2022, ar cláir iad a glacadh thar thréimhse 10 mí, tréimhse nach bhfacthas riamh roimhe sin.

**Tá na próisis cur chun feidhme éifeachtach** agus cuireadh in oiriúint iad go tráthúil chun freastal ar an méadú mór ar an mbuiséad leis an HADEA nuachruthaithe. Tá an ghníomhaireacht feidhmiúcháin ríthábhachtach agus riachtanach chun an Clár agus a chláir oibre bhliantúla a chur chun feidhme. Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe ceaptha chun **breisluach mór AE** a chur ar fáil nuair a chuirfear i gcrích iad trí phleanáil straitéiseach thosaíochtaí agus ghníomhaíochtaí an Aontais chun nuálaíocht agus fothú acmhainneachta a mhéadú agus a chur chun cinn agus chun an úsáid is fearr a bhaint as torthaí taighde ar fud na hEorpa. Ina dhiaidh sin, chuir an Clár go mór le tosaíochtaí trasearnálacha an Aontais, amhail an t-aistriú digiteach, comhionannas inscne agus buiséadú glas trí chistí a ghealladh do ghníomhaíochtaí ábhartha EU4Health.

**Ní raibh aon tionchar ag an EUR 1 bhilliún** a athshannadh in 2024 ar an gclársceidealú le haghaidh chláir oibre bhliantúla 2021, 2022, 2023 agus 2024. Mar sin féin, beidh tionchar ag an laghdú mór sin ar an mbuiséad ar an gClár EU4Health ar an gclársceidealú ó 2025 ar aghaidh. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do thionscnaimh agus do ghealltanais leanúnacha agus nua araon.

Tá cistiú ríthábhachtach fós á chur ar fáil d'údaráis náisiúnta trí na **gníomhaíochtaí comhpháirteacha**, lena n-áirítear d'údaráis tíortha a bhfuil OIN níos ísle acu trí na critéir fóntais eisceachtúla. Ina theannta sin, leis na gníomhaíochtaí sin cumasaítear comhar lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin choiteanna Eorpacha sláinte agus lena gcuirtear réitigh éifeachtacha chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Is iad na heintitis phoiblí, amhail aireachtaí sláinte, gníomhaireachtaí sláinte náisiúnta, institiúidí, saotharlanna, ospidéil ollscoile agus eagraíochtaí taighde, **na príomhthairbhithe**, ó thaobh na ranníocaíochta a fhaightear ón Aontas agus an líon tionscadal. Bhain eagraíochtaí neamhrialtasacha tairbhe as deontais oibriúcháin agus ghníomhaíochta araon, agus bhain 27 díobh tairbhe as deontais oibriúcháin agus bhain 255 díobh tairbhe as deontais ghníomhaíochta sa tréimhse 2021-2024.

**Tá feidhmíocht an Chláir** mar a bhí coinne léi ag an gcéim eatramhach seo nuair nach bhfuil ach líon teoranta gníomhaíochtaí curtha i gcrích a bhfuil torthaí bainte amach acu. Meastar go dtiocfaidh tionchair na dtorthaí sin chun cinn sna blianta amach romhainn agus déanfar anailís orthu sa mheastóireacht deiridh, atá le teacht faoi dheireadh 2031. D'éirigh leis an gClár EU4Health **sineirgí** a chruthú freisin le Fís Eorpach agus leis an gclár don Eoraip Dhigiteach agus chuir sé le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais trí ghníomhaíochtaí a mhaoiniú a thacaíonn le cur chun cinn na sláinte agus le galair a chosc agus a théann i ngleic le tosca riosca comhshaoil don tsláinte.

*Ag féachaint romhainn*

**Le linn chéim an chlársceidealaithe, trí thosaíochtaí straitéiseacha agus téamacha a leagan síos i gcás tréimhsí ní b'fhaide ná bliain amháin,** d'fhéadfaí na páirtithe leasmhara a chumasú pleanáil a dhéanamh ar feadh tréimhse ama ní b'fhaide. I gcás inarb iomchuí, i roinnt réimsí sonracha (e.g. córais sláinte agus lucht saothair cúraim sláinte), d'fhéadfaí an ghrúpáil straitéiseach gníomhaíochtaí laistigh d'ionstraimí sonracha a phlé freisin. D'fhéadfadh sé sin níos mó solúbthachta a chur ar fáil trí ghníomhaíochtaí an Chláir a chur in oiriúint do riachtanais bheartais atá ag athrú.

Chuir tionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide leis an bpráinn a bhaineann le hullmhacht i leith géarchéimeanna sláinte. Cruthaíonn teagmhais a bhaineann leis an athrú aeráide, amhail tonnta teasa, tuilte, agus leathadh galar veicteoir-iompartha, dúshláin nua chasta do chórais sláinte poiblí.

Ina theannta sin, trí **úinéireacht pholaitiúil** agus rannpháirtíocht a chothú laistigh de na Ballstáit i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha, is féidir cuidiú le hacmhainneacht iomlán na dtionscnamh sin a bhaint amach agus, ar deireadh, feabhas a chur ar thorthaí sláinte ar fud an Aontais. Chun go n-éireoidh le gníomhaíochtaí sláinte ar an leibhéal náisiúnta, tá gá le rannpháirtíocht ghníomhach údaráis na mBallstát, a bhfuil ról lárnach acu maidir le tionscnaimh a bhfuil tionchar acu a chur chun feidhme. Tá comhar níos dlúithe agus ailíniú tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach araon fíor-riachtanach chun róil agus freagrachtaí soiléire a shannadh i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha (e.g. comhordaitheoir agus eintitis chleamhnaithe).

**Dá ndéanfaí an éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú** trí nósanna imeachta casta soláthair agus a shimpliú agus trí thairiscintí solúbtha, trí ualaí tuairiscithe a laghdú, agus trí phróisis iarratais ar dheontais a chuíchóiriú, d'fhéadfaí an t-ualach oibre do thairbhithe a laghdú go mór. Thairis sin, dá ndéanfaí nósanna imeachta a chaighdeánú agus ceanglais a ailíniú ar fud chláir chistiúcháin an Aontais, d'fhéadfaí dúbailt gníomhaíochtaí riaracháin a laghdú agus oibríochtaí a chuíchóiriú, go háirithe i réimsí amhail deimhnithe iniúchóireachta, ina gcuireann rialacha éagsúla le castacht. D'fhéadfaí an comhleanúnachas ar fud na dtionscnamh a fheabhsú a thuilleadh trí cheanglais riaracháin a ailíniú le cláir eile de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach, chun dúbláil iarrachtaí agus comhchuibhiú nósanna imeachta a a sheachaint. Ina theannta sin, dá ndéanfaí na ceanglais riaracháin maidir le cur isteach ar chistiú a shimpliú, ualaí cómhaoinithe a laghdú, agus próisis faireacháin agus tuairiscithe a chuíchóiriú, d'fhéadfaí éifeachtúlacht a fheabhsú agus rannpháirtíocht ní ba leithne a mhealladh. Leis na bearta a

sainaithníodh sa Chlár EU4Health chun an t-ualach riaracháin a laghdú, d'fhéadfaí éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chur chun feidhme a fheabhsú, agus an tráth céanna cur go gníomhach le tosaíocht an Choimisiúin nua simpliú a fheabhsú ar fud na mbeartas uile.

D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht **rátaí cómhaoinithe** a choigeartú, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, agus **níos mó solúbthachta** a sholáthar, lena n-áirítear cumhdach iomlán na gcostas incháilithe. Bheadh sé sin ina chuidiú toisc nach gcumhdaíonn formhór na ngníomhaíochtaí sa Chlár[43], cé is moite de na LTEnna, ach cuid dá gcostais incháilithe. Ina theannta sin, trí chomhpháirtíochtaí a leathnú le **sásraí cistiúcháin eile**, amhail InvestEU[44], an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[45], Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[46], agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus[47], bheadh deiseanna ann tionchar an Chláir a mhéadú a thuilleadh.

Trí infheistíocht a dhéanamh in athshannadh agus uas-scálú réiteach nuálach i gcúram sláinte san Eoraip, beidh ról ríthábhachtach fós ag an gClár EU4Health maidir le tosaíochtaí agus cuspóirí bheartas sláinte an Choimisiúin a bhaint amach.

43 Féadfar suas le 100 % de na deontais dhíreacha do EDS a mhaoiniú freisin ó na costais incháilithe. Tar éis an mheasúnaithe colúin a rinneadh ar EDS, ar ECFE agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, mhaoinigh an Clár iad trí chomhaontuithe ranníocaíochta (bainistíocht indíreach).

44 InvestEU.

45 Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

46 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

47 Ciste Sóisialta na hEorpa Plus.